

Catagóir 7: Foclóireacht do shainteangacha – téarmeolaíocht agus téarmagrafaíocht

www.focal.ie TIONSCADAL TÉARMEOLAÍOCHTA

Caoilfhionn Nic Pháidín, Úna Bhreathnach, Donla uí Bhraonáin

FIONTAR, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

COIMRIÚ

Cuireann an páipéar seo tionscadal i láthair, arna mhaoiniú ag an AE, don Ghaeilge agus don Bhreathnachais. Beidh teacht air ó 2007 ag www.focal.ie. Is mórthionscnamh é seo in dhá theanga Cheilteacha. Pléitear comhthéacs agus ábhar shruth feidhmithe na Gaeilge anseo. Cuirtear forléargas i láthair ar fhorbairt stairiúil agus theangeolaíoch na Gaeilge, óna tionchar tosaigh stairiúil ar fhoghlaim agus scoláireacht i gcoir chultúr na hEorpa, trína meath faoin gcoilíneacht agus a cúlú go dtí imeall an Atlantaigh, agus ar deireadh go dtí tionscnaimh athbheochana níos gaire don am i láthair. Léiríonn an tionscadal téarmaíochta atá curtha i láthair, an poitéinseal nuálaíochta agus athnuachana atá ann trí uirlisí teangeolaíochta sofaistiúla a fhorbairt d'úsáideoirí ag gach leibhéal. Iniúchann an páipéar seo na dúshlán teanga agus eagarthóireachta a bhí roimh fhoireann an tionscadail. Léiríonn sé an gá atá le comhoibriú trasnáisiúnta maidir le héagsúlacht teangeolaíochta na hEorpa a bhuanú agus ról a d'fhéadfadh a bheith ceannródaíoch a bheith ag teangacha neamhfhorleathana trí theicneolaíochtaí cumarsáide nua-aoiseacha.

Comhfhreagras chuig:
An Dr Caoilfhionn Nic Pháidín
Fiontar,
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath,
Glas Naíon,
Baile Átha Cliath 9.

caoilfhionn.nicphaidin@dcu.ie

Catagóir 7: Foclóireacht do shainteangacha – téarmaíocht agus cruthú téarmaí

www.focal.ie Tionscadal Téarmaíochta

1 Cur síos ar an Tionscadal

Bhunaigh Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i gcomhpháirtíocht le hOllscoil na Breataine Bige, Lampeter, an tionscadal seo chun uirlisí ardleibhéil teanga a fhorbairt don Ghaeilge agus don Bhreatnais. Is fiú €1.5 milliún é agus tá sé á mhaoiniú ag an AE trí ERDF INTERREG IIIA (Éire-An Bhreatain Bheag) don tréimhse 2004-2007. Déanann Rialtas na hÉireann cómhaoiniú ar shruth feidhmithe na hÉireann trí Fhoras na Gaeilge. Tugann an tionscadal rochtain do shaoránaigh AE i réigiún trasteorann na hÉireann-na Breataine Bige ar uirlisí ardleibhéil TFC don Ghaeilge agus don Bhreatnais, i réimsí ó leanaí scoile mar úsáideoirí go dtí úsáideoirí ardleibhéil níos sofaisticiúla. Is foclóir dátheangach Breatnais/Béarla ar líne agus bunachar sonraí de théarmaíocht Ghaeilge ina bhfuil 200,000 mír agus atá ar fáil ar líne freisin, na príomh-aschuir,. Tá teacht ar an dá cheann díobh sin trí thairseach thrítheangach i mBéarla, i nGaeilge agus sa Bhreatnais ag www.focal.ie. Tugann an tionscadal péire de na teangacha scríofa is sine san Eoraip le chéile ón imeall mar a fachtas iad go dtí lár an aonaigh sa nuáil theicneolaíochta. Iniúchann an páipéar seo dual na Gaeilge den tionscadal.

2. Forléargas Stairiúil ar an Téarmeolaíocht sa Ghaeilge

Tá téarmeolaíocht sùite isteach agus cruthaithe ag an nGaeilge chun déileáil le forbairtí sóisialta, polaitiúla, eaglasta agus teicneolaíochta a bhí ag teacht chun cinn le míle is cúig chéad bliain anuas ar a laghad.

2.1 Saothar Téarmaíochta na Meánaoise

Tá na samplaí is luaithe de Ghaeilge scríofa le fáil in os cionn 200 scríbhinn, atá scríofa in aibítir Ogham agus a luaitear an 5^ú agus an 6^ú haois mar dháta leo. Faoin 6^ú haois, bhí scríbhneoireacht san aibítir Rómhánach glactha ag na scoileanna mainistreacha agus bhí sí ag síothlú isteach sna scoileanna tuata freisin. Faoin 10^ú haois, bhí an lámh in uachtar ag úsáid na haibítire sin i scríbhneoireacht na Gaeilge. Luaitear an 7^ú haois leis na samplaí is sine dá maireann de Ghaeilge a

scríobhadh sa script Rómhánach. Is i bhfoirm gluaiseanna, nó nótaí, scríofa sna himill nó idir na línte i lámhscríbhinní Laidine ag manaigh Éireannacha iad sin den chuid is mó, lámhscríbhinní a caomhnaíodh i mainistreacha de bhunadh Éireannach ar mhór-Roinn na hEorpa. Is iad gluaiseanna Würzburg ón 8^ú aois, a bhí scríofa in imill leabhair d'eipistolí Naomh Pól, na cinn is luaithe díobh sin. Is samplaí tábhachtacha eile de scríbhneoireacht luath-Ghaeilge iad gluaiseanna Milano agus St. Gallen.

Ní raibh tionchar teangeolaíochta theacht na Críostaíochta go hÉirinn sa 5^ú aois teoranta do ghlacadh le script Rómhánach. Rinneadh téarmaíocht eaglasta a lánpháirtiú sa Ghaeilge, trí scóip shéimeantach na bhfocal dúchais a mhéadú trí lomaistriúchán, trí thraslitriú nó trí réimír nó iarmhír Laidine a chur le focal dúchais. Samplaí de théarmaíocht eaglasta Laidine a glacadh isteach sa Ghaeilge ná: sagart, Aifreann, peaca, paidir.

Ba mhinic a d'úsáid scoláirí na luath-Ghaeilge sanasaíocht áiféiseach do théarmaí, agus gur chum siad catagóirí agus aicmí, i ngrúpaí de sheacht de ghnáth – seacht suáilce, seacht nduáilce agus mar sin de. Ba é an sampla ba thúisce de liosta suáilcí (a bheadh mar leigheas ar a nduáilcí comhfhreagracha) ná an *Aipgitir Chrábaid: The Alphabet of Piety*, a luaitear go minic le Colmán moccu Béognai, a d'éag sa bhliain 611. Sampla luath eile de chatagóirí ná gluais ina bhfuil lámhscríbhinn bhlúireach ón 8^ú aois dar teideal *Bretha for Catshlechtaib* (Breithiúnais ar Chatagóirí na gCat) (Binchy 1978: 1550.15-17), le hiontrálacha mar seo a leanas:

[Meóine]

meone .i. tréchat dogní meighligh

‘meamhlachán .i. cat tréan a bhíonn ag meamhlach’

[Cruibhne]

cruipne .i. trencat a lus a cruipe

‘CRÚBA .i. cat tréan mar gheall ar a chuid crúb’¹

Cé nach raibh aon ollscoil in Éirinn sa mheánaois, bhí an léann tuata chomh maith leis an léann eaglasta faoi bhláth, le scoláirí Éireannacha ag dul thar sáile agus cáil á bhaint amach ag roinnt ionad foghlama in Éirinn. Aistríodh dréachtaí liachta, dlí, réalteolaíochta agus gramadaí ón Laidin go Gaeilge agus iarradh ar scoláirí de ghnáth véarsaí a chumadh seachas aistí a scríobh (Mac

¹ Tugann na húdair aitheantas do chúnaimh an Ollaimh Máirín Ní Dhonnchadha as OÉ, Gaillimh, maidir leis an tagairt seo a thabhairt.

Airt 1971: 103-4). Seo a leanas véarsa ag cur síos ar an India, a scríobh Airbertach Mac Coisse mar chuid de théacs tíreolaíochta sa 10^ú Aois (Breathnach 1997: 41-2):

Ro-fess a maith as cech aird,
a maignéit [magnets], a hadamaint [diamonds],
is a mairgréit [margarites] a hur i n-or,
a hór is a carrmocal [carbuncle].

D’fhág na Lochlannaigh a rian féin ar an nGaeilge sa 9^ú haois agus sa 10^ú haois (Breathnach 1994: 332-3). Is iad na réimsí is suntasaí ian raibh tionchar ag na Lochlannaigh ar an téarmaíocht ná sna réimsí mairnéalachta agus iascaigh, mar shampla – scód, stiúir, dorú, trosc.

Cuireadh téacsanna ar nós *Rosa Anglica*, aistriúchán ón Laidin go Gaeilge ar chuid mhór den *Rosa Anglica* a scríobh John as Gaddesden, ar fáil. Ba lia agus scríbhneoir liachta a raibh ardchlú air i rith na Meánaoise a bhí in Johannes Anglicus. Scríobhadh *Rosa Anglica* sa bhliain 1314 agus ceaptar gur aistríodh go Gaeilge é idir 30 agus 60 bliain ina dhiaidh sin. Is foinse luachmhar é ó thaobh roinnt leagan cainte agus téarmaí nach raibh taifeadta roimhe sin. (Wulff 1929: xxxv - xxxvii).

Tá roinnt samplaí tugtha thíos den téarmaíocht mheánaoise as *An Irish Astronomical Tract*, cuid de ina athleagan agus cuid de ina aistriúchán ar leagan Laidine de thráchtas Arabaise ó Masha’allah, réalteolaí Giúdach as Cathair Alastair, a bhí i réim go gairid tar éis na bliana 800. Is san 14^ú Aois is dócha a scríobhadh an leagan Gaeilge.

...Da claechlod na firmaminte.... [firmament] (Power 1914: 4)
...As arrdamhaint [argument] deimin domeallta...(Power 1914: 20)
...an t-uisci bis a talmain serb an a m-bi clocha sulfuir [sulphur] no ailimi
no an t-inadh a m-bi mianach prais [brass]... (Power 1914: 40)

Is ag na hAngla-Normannaigh agus ag an Meán-Bhéarla a bhí an tionchar den chuid is mó ar an téarmaíocht idir an 14^ú aois – 17^ú aois. Is i réimsí an dlí agus an riaracháin, na hailtireachta agus na tógála, an bhia agus an fhaisin agus cúrsaí míleata a bhí go leor den téarmaíocht sin (McManus 1994: 439-40).

Mar gheall ar choilíniú, tháinig Gaeilge na scoláireachta agus na filíochta faoi bhrú a bhí ag méadú sa 17^ú aois agus san 18^ú aois. Scrios an Gorta Mór sna blianta 1845-47, agus an eisimirce ollmhór a tháinig ina dhiaidh, pobal labhartha na Gaeilge. Faoi dheireadh an 19^ú aois, bhí laghdú mear tagtha ar an nGaeilge agus bhí sí cúlaithe siar go dtí cósta an iarthair. Ba theanga dhúchais

labhartha den chuid is mó a bhí inti, scoite amach ó fhorbairtí nua-aimseartha tionsclaíochta. Tháinig gluaiseacht athbheochana, a bhí bunaithe i mBaile Átha Cliath, chun cinn sna 1890idí chun aghaidh a thabhairt air sin, agus ba é ba siocair go príomha le forbairt an náisiúnachais nua-aoisigh a bhí ag teacht chun cinn agus le saoirse a bhaint amach.

2.2 Éabhlú na téarmaíochta nua-aimseartha sa Ghaeilge

Míneoidh an forléargas achomair atá tugtha thíos ar fhorbairt nua-aimseartha na téarmaíochta i nGaeilge pointe tosaigh agus comhthéacs ár dtionscadail sinne. Léireoidh sé na cúiseanna go bhfuil difríocht as cuimse idir an t-amhábhhar dár dtionscadal agus na sonraí foinse atá ar fáil i mórtheangacha a bhfuil acmhainní níos fearr acu. Taispeánfaimid go léiríonn anailís de réir fearainn ar na sonraí atá faighte le hoidhreacht againn na neamhréireachtaí nach mbeifí ag súil leo de ghnáth i mbunachar sonraí téarmaíochta nua-aimseartha.

Tháinig an easpa téarmaíochta nua-aimseartha sa Ghaeilge chun cinn ar dtús mar cheist phoiblí i ndeireadh an 19^ú haois. B'ábhar suime é a ndearnadh díospóireacht mhinic air sna nuachtáin dhátheangacha a bhí ag teacht chun cinn agus chuir rannpháirtithe liostaí téarmaí isteach lena bhfoilsíú. Be liostaí de cheirdeanna traidisiúnta ó fhoinsí canúna a bhí i gcuid de na liostaí sin agus amanna bhí iarrachtaí saoihiúla ann ar cheapacháin nua-aimseartha. Mar shampla, d'fhoilsigh Peadar Ó Laoghaire (1895: 176), údar cáiliúil, bisiúil, ó ré athbheochan na teanga, liosta téarmaí ag ainmniú na gcodanna de mhodh iompair comhaoise, an rothar. Dúirt Eoin Mac Néill (1908: 17), duine de threoraithe inspioráideacha, intleachtúla ghluaiseacht na hathbheochana, i bpíosa a scríobh sé níos deireanaí:

Hence has arisen the pursuit of *téarmaidheacht*
[terminology]. As an amusement it is quite on a par with
writing limericks. Everyone who has reached a certain stage
of interest in the language takes a hand at it.

Mar theanga a bhí i mbaol agus gan aon acmhainní aici, ba dhúshlánach an ní é bunachar téarmaíochta nua-aimseartha Gaeilge a chruthú. I rith na coimhlinte i gcomhair saoirse náisiúnta agus ina dhiaidh sin tar éis bunú Stát na hÉireann sa bhliain 1922, ba iad riachtanais an chórais oideachais ba mhó a bhí ag brú na forbartha chun cinn, agus ar leibhéal níos lú bhí an brú ann chun fónamh do cheanglais an stáit ó thaobh dlí agus riaracháin phoiblí de. Chuidigh na meáin go suntasach freisin ó thaobh forbartha agus scaipthe téarmaíochta de.

Bhunaigh rialtas na hÉireann an Coiste Téarmaíochta oifigiúil sa bhliain 1927 chun téarmaí a chruthú agus a bhailíochtú. Thit sé sin i léig sa bhliain 1939, agus i 1968 bunaíodh an Buanchoiste Téarmaíochta faoin Roinn Oideachais. Faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann den bhliain 1999, chuaigh an coiste sin ar aghaidh go dtí an comhlacht uile Éireann um chur chun cinn na teanga, Foras na Gaeilge. Tá téarmeolaí amháin fostaithe ag an ngníomhaireacht sin agus is ceist mhór leis na déaga agus na scórtha de bhlianta tearcmhaoiniú na feidhme tábhachtaí sin.

Tá téarmeolaí ainmnithe fostaithe ag Fiontar, DCU, chun fónamh d'fhorbairt a chuid clár trí mheán na Gaeilge. I dteannta leis an téarmeolaí Stáit, is comhalta í de Choiste Teicniúil ISO 37 (a bunaíodh san Ostair sa bhliain 1936 chun modhanna caighdeánacha a fhorbairt i gcruthú téarmaí). Tá na naisc Idirnáisiúnta agus Eorpacha ann dá bhrí sin le tamall maith.

3 Úsáideoirí agus bainistiú

3.1 Próifíl Úsáideora

Bíonn an phróifíl úsáideora téarmaíochta sa Ghaeilge difriúil ó phróifíl úsáideora go leor de na mórtheangacha. Bhí meath leanúnach ag tarlú don bhonn cainteoirí dúchais i rith an 20^ú aois. Is éard atá fós i gcroícheantar na Gaeilge, nó an Ghaeltacht, in ainneoin forbairtí i dtionsclaíocht, sna meáin nua-aoiseacha agus i dturasóireacht, ná geilleagar tuaithe den chuid is mó, inar bhain costas ard teanga leis an bhforbairt atá bainte amach. Nádúrtha go leor, is leasc le cainteoirí dúchais Gaeilge – a labhraíonn beagnach gach duine díobh Béarla, a bhformhór go líofa – úsáid a bhaint as go leor de na téarmaí nua-aimseartha, arae is fearr leo téarma Béarla a chur isteach ná a bheith á dtachtadh ar théarma nuachruthaithe nach bhfuil cur amach acu air. Níl ach cion beag de théarmaí nua-aimseartha sa Ghaeilge a bhfuil cúrsaíocht ghinearálta acu i measc cainteoirí dúchais, de ghnáth na téarmaí LGP sin a chraolann na meáin chraolacháin.

I gcodarsnacht mhór leis sin, rud nach gnách i measc próifílí cainteoirí in áiteanna eile, tá glúnta de mhuintir na hÉireann a bhfuil an Ghaeilge foghlamtha acu, agus tá mionlach sách mór díobh a bhaineann úsáid as an nGaeilge go laethúil, cé gur sa scoil amháin é sin do go leor díobh. Tá 339,541 duine sa Stát a labhraíonn go laethúil í. Díobh sin, tá cónaí ar 33,789 sa Ghaeltacht, agus tá cónaí ar 153,700, nó beagnach leath den iomlán, i gCúige Laighean (CSO 2002).

Is daoine dea-oilte, uirbeach, go leor díobh a bhfuil cónaí orthu agus a bhíonn ag obair ar an gcósta thoir, dream L2 seo na hAthbheochana. Tarlaíonn sé gurb é seo an réigiún Interreg AE ainmnithe do mhaoiniú ERDF, do chlár INTERREG na hÉireann-na Breataine Bige. Baineann na mílte cainteoirí laethúla úsáid as an nGaeilge i bhfearainn ardleibhéil éagsúla, go príomha san oideachas, sna meáin, i riarachán poiblí agus sa dlí. Léirítear é sin le ceannasacht fhearainn áirithe san éileamh ar théarmaíocht. Tá gníomhaíochtaí mar spóirt, fóillíocht, cócaireacht agus garraíodóireacht dá bhrí sin tearcionadaithe inár mbunachar sonraí tionscadail agus, go contrártha dó sin, tá téarmaí gnó, ríomhaireachta, téarmaí oideolaíochta agus téarmaí coiteanna na heolaíochta (seachas saintéarmaí liachta, etc.) le fáil go minic. Ní hionann agus an Chatalóinis, mar shampla, ní raibh an Ghaeilge riamh buanaithe mar theanga tionscail nó trádála, ná san earnáil sláinte, mór-réimsí ina ndearnadh oideachas agus cleachtas beagnach go huile agus go hiomlán trí Bhéarla.

3.2 Forbairt an éilimh

Tá méadú tagtha le déanaí, áfach, ar an éileamh ar théarmaíocht trí Ghaeilge, mar gheall ar chúinsí áirithe. Tá an stáisiún raidió Gaeilge, a bunaíodh chun cláir raidió a sholáthar do dhaoine sna Gaeltachtaí i 1972, á chraoladh anois ar fud na tíre agus tá sé ar an aer 24 uair an chloig in aghaidh an lae ó 2001. Tháinig stáisiún teilifíse Gaeilge, TG4, ar an bhfód i 1996. Cuireann FIONTAR, ionad Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a bunaíodh i 1993, 2 chlár bunchéime agus 2 chlár iarchéime ar fáil i nGnó, Teicneolaíocht Faisnéise agus feidhmeanna Gaeilge, iad go léir trí mheán na Gaeilge. Éilíonn Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 go soláthródh gach comhlacht poiblí seirbhís dhátheangach do chustaiméirí, i scríbhinn agus ó bhéal, agus tuarascálacha bliantúla agus doiciméid eile a fhoilsiú go dátheangach. Sa bhliain 2005, thug Coimisiún an AE stádas oifigiúil oibre don Ghaeilge agus caithfear foráil a dhéanamh don éileamh ar théarmaíocht a bheidh mar thoradh air sin.

3.3 Bainistiú ar chruthú téarmaí

Oibríonn an córas um chruthú agus bailíochtú téarmaí sa Ghaeilge trí shraith coistí deonacha, ceaptha ag an Rialtas, sainiúil don fhearainn, a ndéanann coiste stiúrtha monatóireacht orthu ina seal féin. Ó 1968, tá 22 sainfhoiclóir i réimsí eolais ar leith foilsithe ag An Gúm, foilsitheoir foclóirí agus téacsleabhair i nGaeilge atá á rith ag an Stát. Tá 7 bhfoclóir foilsithe ag comhlachtaí eile, lena n-áirítear péire ag FIONTAR, DCU, i gcomhar leis an gcoiste téarmaíochta, agus tá os cionn 20 liosta

eile forbartha. Tá cuid díobh sin eisithe i bhformáid leictreonach, ach ní raibh aon acmhainn lánpháirtithe ann roimh an tionscadal seo ina raibh na téarmaí Gaeilge go léir. Forbraíodh formhór an 200,000 téarma seo mar fhreagra ar éileamh poiblí nó institiúide. Tá sé sin léirithe sa chóimheá fearann.

4 Tionscadal www.focal.ie

4.1 Léargas

Tugann tionscadal www.focal.ie réiteach ar dheacrachtaí i rochtain phoiblí ar théarmaíocht na Gaeilge. Is ar éigean is féidir a bheith ag súil go mbeadh na húsáideoirí is spreagtha agus is sofaistiúla san oideachas, sna meáin agus i dtionscal an aistriúcháin ag treabhadh trí níos mó ná 20 foclóir (cuid díobh as cló nó deacair a fháil) ar lorg téarma. Tá an soláthar sin go hiomlán míshásúil, don phobal i gcoitinne, ag meabhrú go bhfuil léann na Gaeilge éigeantach do leanaí na hÉireann go léir fad a bhíonn siad ar scoil, de ghnáth suas go dtí 18 mbliana d’aois. Foilsíodh an foclóir údarásach Béarla-Gaeilge is deireanaí sa bhliain 1959. Tógfaidh sé roinnt blianta an tionscadal nua d’Fhoclóir Béarla-Gaeilge, ar chuir Foras na Gaeilge tús leis i 2003, a chríochnú agus tá an foclóir sin teoranta do 50,000 ceannfhocal. Tugann sé sin léargas ar an ngá atá le www.focal.ie agus an bonn úsáideoirí a d’fhéadfadh a bheith aige.

4.2 Tuairisc ar an Tionscadal

Tá an tionscadal á mhaoniú ag an AE, faoi INTERREG IIIA (Éire-An Bhreatain Bheag) Tosaíocht a hAon, Beart a Ceathair: Teicneolaíocht Chumarsáide agus Iompair. Is acmhainn teicneolaíochta é www.focal.ie atá forbartha ag comhpháirtíocht Breatnach-Éireannach chun rochtain a thabhairt ar uirlisí teanga do ghnáthshaoránaigh i limistéar INTERREG sa dá thír. Ón mbliain 2007, beidh teacht air saor in aisce ar an idirlíon ar scoil, sa bhaile agus san áit oibre. Cruthóidh an chomhpháirtíocht idirnáisiúnta seo nasc tábhachtach, ar leibhéal siombaileach agus ar leibhéal praiticiúil, idir teangacha atá ar an imeall agus an teicneolaíocht nua-aimseartha. Bainfear sin amach trí oiliúint phraiticiúil ar líne a sholáthar do dhaoine a d’fhéadfadh a bheith á úsáid agus trí fhreastal ar shainriachtanais fiontar teanga. Tá foclóir Breatnaise ar líne á fhorbairt ag ár gcomhpháirtithe Breatnacha in Ollscoil na Breataine Bige, Lampeter i dteannta lenár mbunachar sonraí téarmaíochta Gaeilge. Beidh rochtain air thar thairseach Gaeilge-Béarla-Breatnaise. Is fiú

€1.5m an tionscadal agus tá Foras na Gaeilge ag páirtmhaoiniú sruth feidhmithe na Gaeilge. Ní féidir nuáil in uirlisí teicneolaíochta teanga ag an leibhéal seo a acmhainniú agus a fhorbairt ag an leibhéal náisiúnta amháin. Le maoniú ón AE bhí ar ár gcumas saineolas trasnáisiúnta a fhorbairt agus a chomhroinnt.

Baineann an páipéar seo leis an sruth Gaeilge. Tá imlíne tugtha ar na cúiseanna stairiúla atá le castacht agus cumadh na sonraí. Cuireadh na sonraí i láthair i réimse leathan formáidí, ag cruthú dúshláin theicniúla agus eagarthóireachta de réir mar a bhí lánpháirtiú sonraí ag éabhlú.

4.3 Forbairt agus Ábhar an Tionscadail

Fearann	Iontrálacha
Ceirdeanna agus Teicneolaíocht	11,935
Geolaíocht agus Geoifisic	12,447
Gnó	22,638
Tíreolaíocht, Pleanáil agus Seandálaíocht	11,830
Eolaíocht	12,987
Téarmaí Parlaiminte	11,261
Ríomhaireacht	9,334
Creideamh	9,541

Tábla 1: Mórliostaí Téarmaíochta (os cionn 9,000 iontráil)

Tuairisc	Iontrálacha
Liostaí a tiomsaíodh chun tuairisc a thabhairt ar théarmaíocht traidisiúnta atá cheana ann: Litríocht agus Critic; Gramadach na Sean-Ghaeilge; Fealsúnacht; Ainmneacha Dílse; Seoltóireacht	10,227
Liostaí a tiomsaíodh go príomha chun críocha an iarbhunoideachais: Bitheolaíocht; Oideachas; Stair; Eacnamaíocht Bhaile; Matamaitic;	26,489

Corpoideachas; Ealaín agus Ceardaíocht; Líníocht Theicniúil; Adhmadóireacht	
Liostaí eile, lena n-áirítear: Talmhaíocht agus Déiríocht; Réalteolaíocht; Tíortha, Pobail, Teangacha; Comhshaol; Cócaireacht, Bia agus Deoch; Leabharlann; Míotalóireacht; Obair Mhodúlach; Ceol; Plandaí agus Ainmhithe; Fiseolaíocht agus Sláinte; Comharthaí Siopa; Spórt; Staitisticí; Teileachumarsáid; Teilifís agus Raidió.	39,825
Liostaí téarmaí ilghnéitheacha	31,579

Tábla 2: Liostaí Gearra Téarmaíochta (faoi 9,000 iontráil)

Mar dhaoine a bhfuil seansonraí – amanna sonraí an-sean – le hoidhreacht againn ó raon ollmhór réimsí (chomh maith leis na foclóirí atá luaite thuas, tá roinnt meascraí agus bailiúcháin téarmaí neamhfhóilsithe ann: féach tábla 1 agus 2), bhí roinnt dúshláin eagarthóireachta romhainn a mbeidh cur amach ag aon duine a bhíonn ag obair i bhforbairt acmhainní do theangacha neamhforleathana orthu. Tá dhá chúis mhóra leis: tá ár dtéarmaí ginearálta agus tá na gaol idir coincheapa agus téarmaí níos scaoilte ná mar ba mhian le téarmeolaí.

Ar an gcéad dul síos, tá ár dtéarmaíocht an-ginearálta. De bhrí go bhfuilimid ag cur na téarmaíochta oifigiúla *go léir* atá forbartha ag coistí téarmaíochta an Stáit le hos cionn an daichead bliain seo caite san áireamh, táimid ag tarraingt ar liosta fairsing foinsí. Déileálann roinnt liostaí agus foclóirí le hábhair leathana ar nós ríomhaireacht, fealsúnacht agus eacnamaíocht bhaile; tá liostaí ilghnéitheacha eile ann ina bhfuil freagraí an choiste téarmaíochta ar fhiosruithe ón bpobal. Féach Táblaí 1 agus 2 thuas.

Ní mheasfaí le roinnt iontrálacha gur LSP go beacht iad: cuirtear briathra ar nós ‘scheme’ nó ‘schedule’ san áireamh. Déantar sin mar gheall go bhfuil na foclóirí dátheangacha Béarla/Gaeilge atá ar fáil faoi láthair sean agus neamhiomlán (de Bhaldraithe 1959; Ó Dónaill 1978); caithfear focail teanga ginearálta mar sin a chruthú nó a athfhionnadh agus a chraobhscaoileadh, go háirithe le fás na hearnála aistriúcháin.

Bheadh cion beag, ach fós cion suntasach, dár gcuid sonraí nach mbeadh ainmnithe de ghnáth mar théarmaíocht, go simplí mar gheall go bhfuil siad chomh seanda. Tá téarmaí ar nós

‘childbed’ nó ‘confinement’, a mheastar de ghnáth a bheith sách Vichteoiriach, san áireamh i measc téarmaí Fiseolaíochta agus Sláinteachais². Tá seanfhoclóirí agus foclóirí nua ag teacht salach ar a chéile san aistriú ar théarmaí ar nós ‘nurse’, a raibh aistriúchán níos sonraíthe ó thaobh inscne de (ban) sna seanfhoclóirí.

An dara rud, shocraíomar gan aon samhltú sonraí a dhéanamh. Is tionscadal é samhltú is fearr a dhéanamh ag staid chruthú na dtéarmaí ar aon nós, agus bheadh sé beagnach dodhéanta sin a dhéanamh leis an lear mór seansonraí atá le hoidhreacht againne. Mar sin féin, tá slí chun naisc a chruthú idir coincheapa, cineál ‘féach freisin’ ardteicneolaíochta, curtha ar fáil againn.

An tríú rud, níl dian-chomhchoibhneas 1 choincheap -1 téarma againn, faoi mar a bheadh i mbailiúchán LSP. Níl an tsamhail sin againn fiú do na coincheapa inár mbailiúchán ar LSP *go cinnte* iad. Tharla seo ar roinnt cúiseanna. Mar gheall ar chóras stórála agus foilsithe eolais nach raibh dóthain acmhainní ann faoina choinne san am a caitheadh, bhí sé deacair do na daoine a bhí freagrach as téarmaí nua a chumadh a fháil amach go héasca an raibh téarma aistrithe roimhe sin agus conas a aistríodh é. Foilsíodh téarmaí i liostaí de théarmaí rangaithe nó i bhfoclóirí nár ‘oir’ go loighciúil amanna. Mar shampla, tá ‘nursing home’, ‘drunken driver’ agus ‘paperweight’ curtha i liosta de théarmaíocht teileachumarsáide. D’fheabhsaigh an córas cuardaigh le húsáid na ríomhaireachta, ach fós bhí sé mall, casta agus ní fhéadfaí brath air. Mar thoradh air sin, rinneadh líon beag, ach líon suntasach, téarmaí a aistriú roinnt uaireanta, agus uaireanta tharla gur litríodh ar bhealaí difriúla iad nó gur aistríodh iad ar shlí a bhí go hiomlán difriúil. Chomh maith leis sin, bhí sé deacair ag úsáideoirí a raibh raon acmhainní neamh-chomhtháite acu (agus go minic, nach raibh cáilithe) na leaganacha sin a fhiosrú agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu. Ar ndóigh tugadh an fhadhb sin faoi deara, ach ní dhearnadh ceist mhór de ach amháin nuair a bhíodhas ag tiomsú agus ag lánpháirtíú sonraí sa tionscadal seo. Ag an tráth seo, bhí cuid de na téarmaí sin mar chuid den stór focal; bhí tuilleadh nach raibh agus ar fhéad an coiste téarmaíochta iad a scríos.

Inár dtionscadal, b’éigean dúinn na téarmaí go léir a bhí foilsithe nó a bhí in úsáid a chur san áireamh. Chun déileáil le ceist na n-iltéarmaí do gach coincheap, táimid ag úsáid cur chuige LSP

² Amanna imíonn aistriúchán i léig, má athraíonn brí an téarma. Tá go leor samplaí de sin sa téarmaíocht ríomhaireachta. m.sh. is ‘suimitheoir ardluais’ an t-aistriúchán a cuireadh ar *ripple adder* ar dtús i 1990. Is ionann sin agus ‘*high-speed adder*’. Athraíonn an teicneolaíocht, áfach, agus tá an *ripple adder* anois ar cheann de na cineálacha suimitheoirí is moille amuigh. Athraíodh an téarma dá bhrí sin, i 1998, go dtí ‘suimitheoir tonnánach’, aistriúchán focal ar fhocal.

coincheap-dhírithe seachas cur chuige LGP atá bunaithe ar cheannfhocail³. Ciallaíonn sé sin freisin gur féidir an bunachar sonraí a úsáid chun cuardach a dhéanamh i nGaeilge nó i mBéarla..

Déanaimid lipéadú ar théarmaí, áfach, mar ‘molta’, ‘coitianta’ etc. agus taispeánaimid an rogha molta ar bharr an liosta téarmaíochta. Beidh sé sin ina acmhainn do théarmeolaithe amach anseo, mar go n-oibríonn siad a mbealach trí na sonraí agus go ndéanann siad cinntí faoina stádas.

4.4. *Téarmaíocht Teilifíse agus Raidió*

Aschur tábhachtach den tionscadal seo ná an leagan leathnaithe agus cothrom le dáta den Fhoclóir Téarmaíochta Teilifíse agus Raidió. Foilsíodh é sin ar dtús i 1996, sular bunaíodh Teilifís na Gaeilge, TG4 anois, an stáisiún Teilifíse Gaeilge a luadh roimhe seo. Tá go leor cuideachtaí léirithe neamhspleácha, ag obair go dátheangach méid áirithe, anois faoi bhláth. Mar gheall ar fhorbairtí sa teicneolaíocht chraolacháin ó 1996, go príomha ó analógach go dtí digiteach, agus ós rud é go raibh foireann de chainteoirí L1 Gaeilge den chuid is mó ag obair san earnáil le 10 mbliana, bhí sé in am foclóir leathnaithe agus cothrom le dáta a chur le chéile.

Chuireamar modheolaíocht oibre ón íochtar aníos i bhfeidhm níos mó ná mar a rinneadh go dtí seo i gcruthú téarmaí i nGaeilge. Fuaireamar liostaí de théarmaíocht craolacháin digitigh i mBéarla ón stáisiún craolacháin náisiúnta, RTÉ, agus téarmaíocht craolacháin níos ginearálta ó lucht gairme agus lucht acadúil eile. Le comhoibriú ó TG4 i nGaeltacht Chonamara, bhunaíomar grúpa oibre de 11 craoltóir ghairmiúla raidió agus teilifíse agus lucht déanta scannán a bhíonn ag obair trí mheán na Gaeilge. Chomhoibríomar ó thaobh liosta de théarmaí Gaeilge a bhíonn in úsáid ó lá go lá a thiomsú mar aon le liostaí de théarmaí Béarla nach raibh a gcomhionann Gaeilge ann. Scrúdaigh gach duine den ghrúpa oibre an liosta fada téarmaí Béarla go córasach – thart ar 1,200 téarma ar an iomlán – agus mhol siad a gcoibhéisí i nGaeilge.

Glacadh leis an gcur chuige seo chun go mbeadh glacadh níos mó ag lucht gairme le téarmaí agus go mbainfí úsáid níos mó as an téarma san earnáil. Tá sé tábhachtach go dtuigfí gur thug na daoine a bhí sa ghrúpa oibre seo faoin obair le díograis agus le spéis mhór agus gur chuir an chuideachta scannáin neamhspleách Macalla liosta eile de théarmaí molta isteach, rud a thug bailíochtú arís eile dár gcinneadh lámh a bheith ag an gcríochúsáideoir sa phróiseas. Cuireadh na téarmaí sin go léir, iad sin a bhí in úsáid cheana agus na cinn a cruthaíodh as an nua (thart ar 1,500

³ Déilealann Mechura (2006, atá i mbéal a fhoilsithe), curtha i láthair freisin ag an gcomhdháil seo, leis an gceist seo níos mine.

téarma) faoi bhráid an Choiste Téarmaíochta agus faomhadh a bhformhór. Rinneadh mionathruithe ar chuid díobh. Féadadh an mhodheolaíocht sin a chur i gcrích mar gurbh ann d'earnáil bhríomhar craolacháin agus scannánaíochta Gaeilge ina bhfuil líon inbhuanaithe de chainteoirí Gaeilge L1. Chruthaigh sé a bheith ina shamhail éifeachtach, thaitneamhach, chostéifeachtach maidir le cruthú téarmaí, a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do thionscadail amach anseo. Tá sé ag teacht, freisin, leis an bhéim ar chomhairliúchán agus ar shainordú poiblí a mholann UNESCO ina Threoirlínte um Beartais Téarmaíochta, 2005.

4.5 Úsáideoirí agus an tslí is fearr le fónamh dóibh

Mar a pléadh thuas, cuimsíonn tionscadal www.focal.ie an téarmaíocht go léir atá curtha ar fáil ag coiste téarmaíochta Stát na hÉireann, agus clúdaíonn sé sin raon an-leathan. Táthar ag scrúdú faoi láthair an féidir ábhair fhorleathana bhreise a chur ann, lena n-áirítear téarmaíocht ó sheirbhísí aistriúcháin Thithe an Oireachtais in Éirinn agus b'fhéidir téarmaí AE. Ní raibh siad sin san áireamh sa bhuiséad nó sa scóip don tionscadal bunaidh agus b'fhéidir go mbeadh muid in ann iad a chur san áireamh, nó b'fhéidir nach mbeadh. Tá an-éagsúlacht i measc ár n-úsáideoirí poitéinsiúla freisin. De bhrí nach bhfuil aon fhoinsé inrochtana eile ann do théarmaí, measaimid go mbeidh úsáideoirí ó aois bhunscoile ar aghaidh go dtí an leibhéal gairmiúil ag cuardach ár gcórais. Ar na húsáideoirí samplacha a d'fhéadfadh a bheith ann, bheadh:

- dalta scoile a mbeadh aiste le scríobh aige nó aici ar ábhar ar leith;
- fostaí a bhfuil fíorbheagán Gaeilge aige nó aici agus a chaitheann aistriúchán a fháil ar chomhartha nó ar fhógra poiblí;
- aistritheoir sainoilte a bhíonn ag obair ar dhoiciméad AE;
- léitheoir nuachta nó duine a bhíonn ag déanamh taighde Teilifíse a chaithfidh tuairisc a dhéanamh ar phíosa nuachta úrnua.

Is léir go gcaithfidh an córas a bheith ar fáil go forleathan do chách, go mbeidh sé éasca le húsáid agus beacht, ach fós go gcaithfidh sé na sonraí go léir atá ar fáil a thabhairt. I ndeireadh an lae, is é an t-aon acmhainn téarmaíochta comhtháite atá ar fáil é. Agus na critéir sin inár n-aighe againn, rinneadh roinnt cinntí chun an bhearna a líonadh idir na nithe a dtabharfaí téarmaíocht agus foclóireacht go traidisiúnta orthu, agus ar chóir go gcuirfeadh siad www.focal.ie ar fáil do réimse chomh leathan úsáideoirí agus is féidir.

Mar gheall go mbeidh an bunachar sonraí seo in úsáid ag daoine gairmiúla agus ag saineolaithe teanga – chomh maith leis na daoine a bhíonn freagrach as bainistiú agus forbairt na téarmaíochta, ar ndóigh – socraíodh téarmaí, coincheapa agus foinsí a nascadh don úsáideoir. Fónann an foinse foclóra as ar tógadh an coincheap (nó téarma amháin nó níos mó a úsáideadh lena ainmniú) anois mar mharcálaí ábhair, mar aon le haon fholipéad a úsáidtear san fhoclóir sin. Tá sé sin úsáideach go háirithe sa Ghaeilge, de bhrí gur comhartha tábhachtach é an foclóir foinse, d’aistritheoirí agus do shaineolaithe eile, maidir le haois agus stádas téarma. Cruthaíonn sé fadhb, áfach, sa mhéid – mar a fachtas thuas – nach ‘n-oireann’ na hiontrálacha go léir don fhoclóir ina mbíonn siad liostaithe, agus dá bhrí sin nach comhartha iontaofa den fhearann é an lipéad ábhair i gcónaí. Táimid ag dul i ngleic leis an bhfadhb seo, ní trí shainmhínte a sholáthar, ach trí nótaí comhthéacs agus roinnt samplaí úsáide a sholáthar.

Níor cuireadh sainmhínte ar fáil le gach coincheap mar gur aontaíodh i gcoiteann gur bheag tairbhe iad don úsáideoir ginearálta, agus gur fearr samplaí úsáide (féach thíos) agus nótaí comhthéacs chun úsáid a léiriú. Os a chionn sin, nuair a bhíonn téarmaí in úsáid ghinearálta, faoi mar a bhíonn na téarmaí sin againne, bíonn sé deacair sainmhíniú docht a dhéanamh. Ní bhaineann an gnáthúsáideoir nach saineolaí é nó í úsáid as téarma i dtuiscint dhocht, eolaíochtúil, shonrach ar aon chuma. Tháingamar ar an tátal nach raibh sainmhínte úsáideach a ndóthain dár spriocúsáideoirí le go mbeadh údar maith lena gcur sa tionscadal reatha. (Tá an comhéadan, áfach, deartha chun go bhféadfar sin a chur isteach ann amach anseo).

Chuireamar samplaí úsáide isteach nuair ab fhéidir sin, faoi mar is gnách i bhfoclóirí dátheangacha, le haistriúchán i dteannta le gach frása. Ó thaobh acmhainne de, is mianaidhm bhreise le tabhairt i gcrích an ghné sin, a d’fheádfaí a fheidhmiú laistigh de shaolré ár dtionscadail reatha, ach fós nach feadar an bhféadfar. Is ábhar mór spéise d’eagarthóirí é áfach. Faoi mar is amhlaidh i mionteangacha eile, tá go leor cora cainte caillte ag an nGaeilge agus a bhfuil aistriúchán díreach ar ráitis Bhéarla ina n-áit. Cuireann ár samplaí úsáid chuid de shaibhreas agus de bhlas na teanga i láthair an úsáideora. Mothaimid go bhfuilimid in ann sin go díreach a dhéanamh mar nach bhfuil ár dtéarmaíocht dírithe ar an saineolaí ach go bhfuil sí dírithe ar an úsáideoir ginearálta. Áirítear ar shamplaí úsáide:

‘Access’:

‘We have no access to the information’

‘Assistant’:

‘Forgotten something? Just ask an assistant’

Ar deireadh, agus rud is neamhghnách i mbunachar sonraí téarmaíochta, shocraíomar eolas gramadaí a sholáthar – lipéid agus foirmeacha gramadaí. Mar a thugamar ar aird thuas, ní saineolaithe, i réimse ábhair nó i ngramadach na Gaeilge, a bheidh i bhformhór ar n-úsáideoirí. D’fhormhór na n-úsáideoirí, beidh an Ghaeilge mar an dara teanga acu, agus beidh lipéid agus foirmeacha gramadaí ina gcabhair dóibh chun na téarmaí a úsáid i gceart. Dá bhrí sin, tá nóta gramadaí amháin ar a laghad ag gabháil le gach téarma (Béarla nó Gaeilge); tugtar na foirmeacha ginideacha agus iolra d’ainmfhocail nó do fhrásaí ainmfhoclacha Gaeilge, agus tugtar foirmeacha an bhriathair, mar shampla:

Speech (*lecture*):

‘óráid (fem2, genitive singular: óráide, nominative plural: óráidí, genitive plural: óráidí)’.

Motháimid go n-oibríonn an cur chuige solúbtha seo i leith na teorann idir LSP agus LGP, idir téarmaíocht agus foclóireacht, go maith sa chás sin againne, mar idirghabháil san fhearann idir ár sonraí agus ár n-úsáideoirí.

5 Focal Scoir

Is maith a d’fhéadfadh ár gcur chuige i leith bhainistiú lear mór téarmaíochta do phobal éagsúil a bheith ina ábhar spéise do dhaoine eile a bhíonn ag gabháil do phleanáil corpais teanga i gcás teangacha neamhfhorleathana. Táimid faoi chomaoin ag ár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta a bhíonn ag obair leis an téarmaíocht a ndearnamar plé ar ár modheolaíochtaí leo, agus táimid ag tnúth go mór le www.focal.ie a sheoladh mar phríomhacmhainn don téarmaíocht sa Ghaeilge. Tá sé mar aidhm ag ár dtionscadal uirlisí teanga den scoth a chruthú don Ghaeilge agus don Bhreatnais, ag cur bealaí idirghníomhacha, tarraingteacha ar fáil dár n-úsáideoirí chun na teangacha a úsáid go héifeachtach.

Tagairtí

A. Foclóirí

De Bhaldraithe, T. (1959) *English-Irish Dictionary*, Dublin, An Gúm

Ó Dónaill, N. (1978) *Foclóir Gaeilge-Béarla*, Dublin, An Gúm

B. Ábhar Léitheoireachta Eile

Binchy, D.A. (ed.) (1978) *Corpus Iuris Hibernici* Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies

Breathnach, C. (1997) ‘Gnó an Choiste Téarmaíochta agus Obair an Iriseora’ in Nic Eoin, M., and Mac Mathúna, L. (eds.) *Ar Thóir an Fhocail Chruinn*, Dublin, Coiscéim

Breatnach, L. (1994) ‘An Mheán-Ghaeilge’ in McKone, K., McManus, D., Ó Háinle, C., Williams, N., and Breatnach, L. (eds.) *Stair na Gaeilge*, Maynooth, Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phadraig

Breathnach, L. (2005), *A Companion to the Corpus Iuris Hibernici*, Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies

Central Statistics Office (2002), *Census of Population 2002*

Mac Airt, S. (1971) ‘The Development of Early Modern Irish Prose’ in Ó Cuív, B. (ed.) *Seven Centuries of Irish Learning*, Dublin, Mercier

Mac Néill, E. (1908) ‘Tréigídh bhur dTrom-Shuan’ in *Gaelic Journal XVIII*, Dublin, Joseph Dollard

McKone, K. (1994) ‘An tSean-Ghaeilge agus a Réamhstair’ in McKone, K., McManus, D., Ó Háinle, C., Williams, N., and Breatnach, L. eds. *Stair na Gaeilge*, Má Nuad, Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig

McManus, D. (1994) ‘An Nua-Ghaeilge Chlasaiceach’ in McKone, K., McManus, D., Ó Háinle, C., Williams, N., and Breatnach, L. (eds.) *Stair na Gaeilge*, Má Nuad, Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phadraig

Mechura, M.B. (2006, forthcoming) Finding the Right Structure for Lexicographical Data: Experiences from a Terminology Project

Ó Laoghaire, An tAth. P. (1895) ‘Rothaidheacht’ in *Gaelic Journal VI*, Dublin, Joseph Dollard

Power, M. (ed.) (1914) *An Irish Astronomical Tract*, London: Irish Texts Society

Wulff, W. (ed.) (1929) *Rosa Anglica seu Rosa Medicinae Johannis Anglici*, London: Irish Texts Society